Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0115(COD)**

**8205/22**
**ADD 1**

**PI 40**
**COMPET 243**
**MI 289**
**IND 122**
**IA 44**
**CODEC 499**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Aibreán 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 174 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1001 agus Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 174 final.

Faoi iamh: COM(2022) 174 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.4.2022
COM(2022) 174 final

ANNEXES 1 to 3

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an Togra le haghaidh**

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1001 agus Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle**

{SEC(2022) 193 final} - {SWD(2022) 114 final} - {SWD(2022) 115 final} - {SWD(2022) 116 final}

## IARSCRÍBHINN 1

## Féindearbhú dá dtagraítear in Airteagal 49

1. **Ainm agus seoladh an oibreora eacnamaíoch: …**

   [Tabhair faoi deara: cuir isteach ainm agus seoladh na cuideachta nó an táirgeora aonair chomh maith le hainm agus seoladh shínitheoir an fhéindearbhuithe, agus sa chás go bhfuil siad éagsúil ó ainm agus seoladh an oibreora eacnamaíoch: ionadaí údaraithe na cuideachta nó an táirgeora]

2. **Ainm an táirge agus na cineálacha earraí: …**

   [Tabhair faoi deara: cuir isteach an t-ainm iomlán agus gach comhaisnéis faoina margaítear an táirge atá ainmnithe leis an tásc geografach nó faoina mbeartaítear é a mhargú agus na cineálacha earraí lena mbaineann an táirge]

3. **Stádas an táirge: …**

   [Tabhair faoi deara: cuir isteach cé acu atá nó nach bhfuil an táirge lena mbaineann ar an margadh cheana]

4. **Láithreáin táirgthe: …**

   [Tabhair faoi deara: cuir isteach gach suíomh táirgthe, seoladh, teagmháil agus gníomhaíocht (céim an táirgthe de réir na sonraíochta táirge) a dhéantar ansin]

5. **Grúpa táirgeoirí: …**

   [Tabhair faoi deara: cuir isteach ainm agus seoladh an ghrúpa táirgeoirí a bhfuil an táirgeoir ina bhall ann]

6. **Ainm, uimhir chomhaid agus dáta cláraithe an táisc gheografaigh a úsáideadh: …**

   [Tabhair faoi deara: Is féidir an ceanglas a chomhlíonadh trí thagairt a dhéanamh don sliocht leictreonach comhfhreagrach ón gclár, rud atá le ceangal leis an bhféindearbhú.]

7. **Príomhphointí na sonraíochta táirge agus an tagairt leictreonach foilseacháin a ghabhann léi: …**

   [Tabhair faoi deara: Tá sé seo bunaithe ar na tásca seo a leanas sa doiciméad aonair: an t-ainm, tuairisc ar an táirge, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, rialacha sonracha maidir le pacáistiú agus lipéadú, agus sainiú achomair ar an limistéar geografach]

8. **Tuairisc ar na bearta a rinne an táirgeoir chun a áirithiú go gcomhlíonann sé an tsonraíocht táirge: …**

   [Tabhair faoi deara: cuir isteach gach beart (rialuithe agus seiceálacha) le tuairisc achomair arna déanamh ag an táirgeoir féin, ag an gcomhlachas táirgeoirí nó ag tríú páirtithe sannta ó cuireadh isteach an dearbhú deireanach]

| Pointe rialaithe[1] | Spriocluach[2] (Tástálacha) | Uathrialú (AC) Rialú Inmheánach (IC) nó Rialú Seachtrach (EC)[3] | Minicíocht[4] | Freagrach as an rialú | Cur síos ar an modh | Doiciméad tagartha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

**9. Faisnéis bhreise: …**

[Tabhair faoi deara: cuir isteach aon fhaisnéis bhreise a mheastar a bheith ábhartha maidir le measúnú i dtaobh an bhfuil an táirge comhlíontach, e.g. samplaí den lipéadú, má tá riail lipéadaithe sa tsonraíocht táirge atá i gceist]

**10. Dearbhú maidir le comhlíonadh cheanglais na sonraíochta táirge:**

An táirge thuasluaite, lena n-áirítear a shaintréithe agus a chomhpháirteanna, comhlíonann sé rialacha na sonraíochta táirge comhfhreagraí. Na rialuithe agus na seiceálacha uile is gá chun comhréireacht a chinneadh i gceart, tá siad curtha i gcrích.

[Is eol don sínitheoir go bhféadfar smachtbhannaí a fhorchur i gcás ráitis bhréagacha.]

*Arna shíniú le haghaidh agus thar ceann:*

(áit agus dáta):

(ainm, feidhm) (síniú):

1 Pointe rialaithe: an seicphointe laistigh den phróiseas táirgthe ina gcuirtear an beart rialaithe i bhfeidhm.
2 Spriocluach, más ann dó, atá le baint amach ag an bpointe rialaithe.
3 AC: Rialú arna dhéanamh ag an táirgeoir féin; IC: Rialú arna dhéanamh ag an grúpa táirgeoirí féin; AC: Rialú arna dhéanamh ag comhlacht deimhniúcháin seachtrach.
4 Minicíocht: An t-eatramh ama idir na rialuithe.

## IARSCRÍBHINN 2

### An doiciméad aonair dá dtagraítear in Airteagal 8

[Cuir isteach an t-ainm, mar atá in 1 thíos:] '…'
Uimh. AE: [le haghaidh úsáid AE amháin]

**1. Ainmneacha [TGFC] …**

[Cuir isteach an t-ainm atá beartaithe a chlárú nó, i gcás iarratas ar fhormheas a dhéanamh ar léasú ar shonraíocht táirge, an t-ainm cláraithe]

**2. Ballstát nó Tríú Tír …**

**3. Tuairisc ar an táirge ceirde agus ar an táirge tionsclaíoch**

*3.1. Cineál táirge ...*

*3.2. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1) ...*

[Príomhphointí dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (b). Na sainmhínithe agus na caighdeáin a úsáidtear go coitianta le haghaidh táirge sin a shainaithint. Sa tuairisc ar an táirge, dírigh ar shainiúlacht an táirge, trí aonaid tomhais agus téarmaí coiteanna nó teicniúla comparáide a úsáid, gan saintréithe teicniúla a bhaineann le gach táirge den chineál sin agus ceanglais éigeantacha dhlíthiúla ghaolmhara is infheidhme maidir le gach táirge den chineál sin a chur san áireamh (Airteagal 8(2)].

*3.3. Amhábhair (do tháirgí próiseáilte amháin)...*

Luaigh aon cheanglas cáilíochta, nó aon srian ar thionscnamh amhábhar. Luaigh réasúnuithe maidir le haon srian den sórt sin. Ní mór údar cuí a thabhairt leis na srianta sin maidir leis an nasc dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 7(1)].

*3.4. Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe ...*

[Luaigh na réasúnuithe maidir le haon srian nó maolú.]

*3.5. Sainrialacha maidir le pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t- ainm cláraithe ...*

[Murab ann dóibh, fág bán é. Luaigh réasúnuithe táirgeshonracha maidir le haon srian.]

*3.6. Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t- ainm cláraithe ...*

[Murab ann dóibh, fág bán é. Luaigh réasúnuithe maidir le haon srian.]

**4. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach …**

[I gcás inarb iomchuí, cuir isteach léarscáil den limistéar]

**5. Nasc leis an limistéar geografach …**

Nasc cúisíoch idir an tionscnamh geografach agus, i gcás inarb iomchuí, cáilíocht áirithe, clú nó saintréithe eile an táirge.

[Luaigh go sainráite cé na tosca (cáil, cáilíocht, saintréithe eile an táirge) ar a bhfuil an nasc cúisíoch bunaithe agus gan ach faisnéis a thabhairt maidir leis na tosca ábhartha, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, eilimintí den tuairisc ar an táirge nó den mhodh táirgthe lena dtugtar údar cuí leis an nasc sin.]

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

**IARSCRÍBHINN 3**

**Ráiteas agóide réasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 22**

1. **Ainm an táirge: …**

[mar a tugadh sa Ríomhchlár]

2. **An tagairt oifigiúil: …**

[mar a tugadh sa Ríomhchlár]

**An uimhir thagartha: …**

**An dáta foilsithe: …**

3. **Sonraí teagmhála**

| | | |
|---|---|---|
| Teagmhálaí: | Teideal (An Duine Uasal/An Bhean Uasal...): … | Ainm: … |

**Grúpa/eagraíocht/duine aonair: …**

***Nó údarás náisiúnta:***

**Roinn: …**

**Seoladh: …**

**Teileafón +…**

**Seoladh ríomhphoist: …**

4. **Cúis na hagóide:**

– Neamhchomhlíonadh an tsainmhínithe ar an tásc geografach le haghaidh táirgí ceirde agus tionsclaíocha an Rialacháin seo mar a leagtar síos in Airteagal 5;

– Is clárú cineálach é an clárú a mholtar mar a leagtar síos in Airteagal 37;

– Bheadh clárú an ainm contrártha d'Airteagal 38 (ainm atá comhainmneach go hiomlán nó go páirteach);

– Bheadh clárú an ainm contrártha d'Airteagal 39 (trádmharc atá ann cheana);

– Chuirfeadh clárú ainmneacha, trádmharcanna nó táirgí mar a shonraítear in Airteagal 12(1), pointe (b) i mbaol

5. **Sonraí na hagóide**

Cúiseanna cuí-réasúnaithe agus údar cuí leis an agóid a sholáthar.

Ráiteas a sholáthar freisin ina mhínítear leas dlisteanach na hagóide, ach amháin más iad na húdaráis náisiúnta a chuireann an agóid isteach, agus sa chás sin ní gá ráiteas leasa dhlisteanaigh a dhéanamh. Ba cheart an ráiteas agóide a shíniú agus a dhátú.